# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 48 A

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

**Imleabhar 65**

**31 Eanáir 2022**


Clár


V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

**An Coimisiún Eorpach**

2022/C 48 A/01 Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI JU) — Foilsiú folúntais d'fheidhm Stiúrthóra Feidhmiúcháin ar Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI JU) (Gníomhaire Sealadach – Grád AD 14) — COM/2022/20075 . . . . . 1


GA

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI JU)**

**Foilsiú folúntais d'fheidhm Stiúrthóra Feidhmiúcháin ar Chomhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI JU)**

**(Gníomhaire Sealadach – Grád AD 14)**

**COM/2022/20075**

(2022/C 48 A/01)

## Cé sinn

Is éard atá i gComhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (IHI JU), a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle ([1]), comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí idir an tAontas Eorpach agus roinnt comhlachas de chuid an tionscail sláinte a dhéanann ionadaíocht ar earnálacha comhlántacha i dtionscal na n-eolaíochta beatha, arb é is aidhm dóibh tacú le taighde agus nuálaíocht réamhiomaíoch, trasearnála i réimse na sláinte, go príomha trí dheontais. Tagann IHI JU in ionad an Chomhghnóthais maidir leis an Tionscnamh um Míochaine Nuálaíoch 2 (IMI2 JU), agus tagann sé i gcomharbas air, arb é an chomhpháirtíocht phoiblí phríobháideach is mó ar domhan é sna heolaíochta beatha, comhpháirtíocht a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 557/2014 ón gComhairle ([2]).

Tá sé ina aidhm ag IHI JU:

— cuidiú le héiceachóras taighde agus nuálaíochta sláinte a chruthú ar fud an Aontais lena n-éascaítear eolas eolaíoch a aistriú ina nuálaíocht;

— forbairt nuálaíochtaí sábháilte, éifeachtacha, atá dírithe ar an duine agus atá cost-éifeachtach a chothú a fhreagraíonn do riachtanais straitéiseacha sláinte poiblí nach bhfuiltear ag freastal orthu;

— nuálaíocht sláinte trasearnála a spreagadh le haghaidh tionscal sláinte Eorpach a bheidh iomaíoch go domhanda.

Cuirfidh IHI JU acmhainní suntasacha ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach ar fáil a theastaíonn chun a chuid cuspóirí a bhaint amach agus cuirfidh sé buiséad thart ar EUR 2,4 billiún chun feidhme agus beidh oifig chláir aige ina mbeidh thart ar 50 ball foirne. Tá tuilleadh eolais faoi IHI JU le fáil i Rialachán (AE) 2021/2085, go háirithe in Airteagail 115-125 de, agus ar shuíomh gréasáin IHI JU, ar fáil ag https://www.ihi.europa.eu.

## An tairiscint

Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin a bheidh freagrach as an nGnóthas Comhpháirteach a bhainistiú ó lá go lá agus beidh sé ina ionadaí dlíthiúil air. Beidh sé neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid dualgas agus beidh sé freagrach as a ghníomhaíochtaí don Bhord Rialaithe ar a bhfuil ionadaithe ó chomhlachais tionscail is comhaltaí agus ón gCoimisiún Eorpach.

([1]) Rialachán (AE) 2021/2085 ón gComhairle an 19 Samhain 2021 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoin gclár Fís Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 219/2007, (AE) Uimh. 557/2014, (AE) Uimh. 558/2014, (AE) Uimh. 559/2014, (AE) Uimh. 560/2014, (AE) Uimh. 561/2014 agus (AE) Uimh. 642/2014) (IO L 427, 30.11.2021, lch. 17).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 557/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas maidir leis an Tionscnamh um Míochaine Nuálaíoch 2 (IO L 169, 7.6.2014, lgh. 54–76).

Beidh ról lárnach ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin maidir le reáchtáil an Chomhghnóthais. Beidh sé freagrach as na bearta riaracháin, oibríochtúla agus airgeadais atá riachtanach a bhunú agus a bhainistiú chun an Comhghnóthas a oibriú mar is ceart.

Beidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagrach as an gComhghnóthas a bhainistiú ó lá go lá agus beidh sé freagrach as an méid seo a leanas go háirithe:

— páirt a ghlacadh sa díospóireacht straitéiseach agus bheartais maidir leis an gComhghnóthas mar an chomhpháirtíocht phoiblí agus phríobháideach cheannródaíoch ar domhan i dtaighde agus nuálaíocht sláinte, agus a chinntiú go bhfreagraíonn gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais do riachtanais sláinte an phobail,

— sásra oibre éifeachtúil a bhunú le páirtithe leasmhara atá rannpháirteach i gcúram sláinte, go háirithe saoránaigh lena n-áirítear othair, gairmithe cúraim sláinte, soláthraithe, íocóirí agus rialtóirí, go háirithe trí hidirghníomhaíocht tháirgiúil leis an bPainéal Eolaíochta agus Nuálaíochta agus le Grúpa Ionadaithe na Stát,

— an méid atá bainte amach ag IHI JU a chur in iúl agus iarratasóirí a bhfuil an cumas eolaíochta is airde acu a mhealladh chuig glaonna IHI JU,

— tacaíocht a thabhairt do Bhord Rialaithe Chomhghnóthas IHI JU, don Phainéal Eolaíochta agus Nuálaíochta, do Ghrúpa Ionadaithe na Stát agus do chomhlachtaí eile den Chomhghnóthas a d'fhéadfaí a chruthú chun go bhfeidhmeoidh sé go héifeachtúil agus go héifeachtach,

— baill foirne IHI JU a cheapadh agus maoirseacht a dhéanamh orthu, agus dea-spiorad foirne agus dea-thimpeallacht oibre a chothú,

— pleananna oibre bliantúla agus pleananna buiséid a ullmhú, an buiséad a ullmhú agus é a chur chun feidhme agus a chinntiú go ndéanfar é a bhainistiú go héifeachtúil i gcomhréir le Rialacha Airgeadais Chomhghnóthas IHI JU, na tuarascálacha bliantúla riachtanacha a ullmhú maidir le gníomhaíochtaí IHI JU mar aon lena chuntais bhliantúla agus a chláir chomhardaithe,

— maoirseacht a dhéanamh ar na próisis bainistithe glaonna agus tionscadal go háirithe iad seo a leanas: glaonna ar thograí agus próisis mheastóireachta a eagrú agus a bhainistiú, comhaontuithe deontais le haghaidh tograí roghnaithe a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích, agus monatóireacht thréimhsiúil agus obair leantach a dhéanamh ina dhiaidh sin ar thionscadail mhaoinithe.

Tá tuairisc níos mionsonraithe ar na cúraimí atá beartaithe, le fáil i Rialachán (AE) 2021/2085. Tháinig IHI JU in ionad Chomhghnóthas IMI2 JU a bhí ann roimhe, an 30 Samhain 2021, agus ghlac sé chuige a ghníomhaíochtaí agus dá bhrí sin, clúdóidh cúraimí Stiúrthóir Feidhmiúcháin IHI JU freisin na gníomhaíochtaí atá fós ar siúl ag IMI2 JU.

Gan dochar d'inniúlachtaí an Choimisiúin Eorpaigh agus an Bhoird Rialaithe faoi seach ar a bhfuil ionadaithe ón gCoimisiún Eorpach agus ó chomhlachais tionscail, glacfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin freagracht iomlán as na cúraimí a chuirtear ar an gComhghnóthas agus beidh sé faoi réir an nós imeachta um urscaoileadh bliantúil ag Parlaimint na hEorpa as cur chun feidhme an bhuiséid.

**Cad atá á lorg againn (critéir roghnúcháin)**

Gairmí dinimiciúil sármhaith a theastaíonn le haghaidh an phoist seo, a chomhlíonann na critéir roghnúcháin seo a leanas:

a) *Scileanna bainistíochta:*

— rudaí suntasacha a bheith bainte amach mar cheannaire, mar bhainisteoir agus mar chumarsáidí, lena n-áirítear foirne agus acmhainní airgeadais a bhainistiú ar leibhéal atá i gcomhréir le cineál JU,

— cumas fís fhoriomlán réamhbhreathnaitheach a fhorbairt, straitéisí a shainaithint, tosaíochtaí a leagan síos agus cuspóirí straitéiseacha an Chomhghnóthais a chur chun feidhme chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhíonn le sárú ag comhlacht a fheidhmíonn sa réimse poiblí-príobháideach,

— cumas foireann ildisciplíneach de thart ar 50 gairmí ardcháilithe a stiúradh agus aire a thabhairt di agus í a spreagadh i gcomhthéacs Eorpach ilchultúrtha ilteangach,

— scileanna an-mhaith cinnteoireachta, an cumas tionchar a imirt laistigh den bhuiséad seasta agus den uainiú san áireamh.

b) *Sainscileanna agus saintaithí:*

— sárthuiscint ar thaighde agus nuálaíocht in earnálacha sláinte (e, g. cógaisíocht, medtech, biteicneolaíocht, digiteach), go háirithe sa taighde tionscail agus nuálaíochta agus ar dhúshláin a bhaineann le fionnachtana agus forbairtí nua a aistriú ina dtáirgí nó ina seirbhísí nuálacha a bhfuil rochtain ag úsáideoirí deiridh orthu, othair san áireamh agus ar ghnéithe rialála,

— taithí oibre, a bhfuil cruthúnas uirthi ar chomhoibriú idir páirtithe leasmhara éagsúla sa taighde agus nuálaíocht sláinte, amhail comhoibriú idir lucht tionscail agus lucht acadúil,

— taithí ar chláir agus tionscadail a bhainistiú agus/nó ar phróisis mhaoiniúcháin le haghaidh taighde ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta,

— céim ollscoile sna heolaíochtaí leighis, in eolaíochtaí na beatha nó i ndisciplín a bhaineann leo, agus taithí phraiticiúil ar eolaíocht na beatha/taighde agus nuálaíocht leighis,

— bheadh tuiscint mhaith ar institiúidí an Aontais agus ar a bhfeidhmiú agus a n-idirghníomhú ina bhuntáiste.

c) *Buanna pearsanta:*

— sárscileanna idirphearsanta agus taithí ar líonrú,

— sárthuiscint ar an bhfreagracht, tionscnaíocht agus cumas gníomhú go stuama, le híogaireacht pholaitiúil agus go cúramach,

— ardleibhéal buanseasmhachta;

— cumas cumarsáid a dhéanamh go líofa agus go héifeachtúil agus caidreamh oibre maith a fhorbairt le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha éagsúla,

— taithí stóinseach ar chaibidlíocht a dhéanamh i dtimpeallacht idirnáisiúnta.

**Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí (ceanglais incháilitheachta)**

Ní dhéanfar iarrthóirí a mheas don chéim roghnúcháin ach amháin ar bhonn na gcritéar foirmiúil seo a leanas nach mór a bheith comhlíonta **faoin sprioc-am le hiarratas a dhéanamh**:

— *Náisiúntacht*: ní mór d'iarrthóirí a bheith ina saoránaigh de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

— *Céim nó dioplóma ollscoile*: ní mór d'iarrthóirí:

— leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 4 bliana nó níos mó;

— nó leibhéal oideachais a bheith acu is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus taithí oibre chuí bliain amháin ar a laghad i gcás ina maireann an ghnáth-thréimhse oideachais ollscoile 3 bliana ar a laghad (ní féidir an bhliain amháin sin de thaithí oibre a chur san áireamh sa taithí oibre iarchéime a iarrtar thíos).

— *Taithí oibre*: ní mór d'iarrthóirí taithí oibre iarchéime 15 bliana ar a laghad a bheith acu ([3]) ar leibhéal ar féidir tosú air leis na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas. Ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí oibre sin a bheith faighte i réimse ghníomhaíochtaí an Chomhghnóthais.

— *Taithí bhainistíochta*: ní mór 5 bliana ar a laghad den taithí oibre iarchéime a bheith faighte i bhfeidhm bhainistíochta ardleibhéil ([4]) i réimse atá ábhartha don phost seo.

— *Teangacha*: ní mór d'iarrthóirí eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ([5]) agus eolas sásúil ar cheann eile de na teangacha oifigiúla sin. Deimhneoidh na painéil roghnúcháin le linn na n-agallamh an gcomhlíonann iarrthóirí an ceanglas maidir le heolas sásúil ar cheann eile de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfaí an t-agallamh nó cuid den agallamh a dhéanamh sa teanga eile sin mar chuid den tástáil sin.

([3]) Ní chuirtear taithí oibre san áireamh ach amháin más fíorchaidreamh oibre atá i gceist léi, caidreamh atá sainmhínithe mar fhíorobair a bhfuarthas pá aisti agus mar fhostaí (aon chineál conartha) nó mar sholáthraí seirbhíse. Déanfar gníomhaíocht ghairmiúil a rinneadh ar bhonn páirtaimseartha a ríomh ar bhonn *pro rata*, de réir chéatadán deimhnithe na n-uaireanta lánaimseartha a oibríodh. Cuirtear saoire mháithreachais/saoire tuismitheora/saoire páiste a uchtú san áireamh más faoi chuimsiú conradh oibre atá sí. Déantar dochtúireachtaí a chomhshamhlú le taithí oibre, fiú amháin nuair nach dochtúireachtaí ar pá iad, ach uastréimhse 3 bliana amháin atá i gceist sa chás sin, ar choinníoll gur éirigh leis an iarrthóir an dochtúireacht a bhaint amach. Ní féidir tréimhse áirithe a áireamh ach uair amháin.

([4]) Ba cheart d'iarrthóirí a léiriú go soiléir ina gcuraclam vitae na blianta go léir ina bhfuair siad taithí bhainistíochta: (1) teideal agus ról na bpost bainistíochta a bhí acu; (2) an líon ball foirne a ndearna siad maoirseacht orthu sna poist sin; (3) méid na mbuiséad a bhainistigh siad; (4) líon na sraitheanna ordlathais os a gcionn agus faoina mbun; agus (5) líon a bpiaraí.

([5]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01958R0001-20130701

— *Teorainn aoise*: ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann, ag an sprioc-am le hiarratais a dhéanamh, an sainordú iomlán 4 bliana a chur i gcrích sula mbainfidh siad aois scoir amach. I gcás baill foirne shealadacha de chuid an Aontais Eorpaigh, sainítear an aois scoir mar dheireadh na míosa ina mbeidh 66 bliana slán ag an duine (féach Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ([6])).

**Roghnú agus ceapadh**

Is é Bord Rialaithe an Chomhghnóthais a cheapfaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar bhonn gearrliosta a chuirfidh an Coimisiún Eorpach ar fáil. Leis an bpróiseas roghnúcháin oscailte trédhearcach, déanfar prionsabal an chomhionannais inscne a urramú.

Chun an gearrliosta sin a thiomsú, eagróidh an Coimisiún Eorpach an próiseas de réir a nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta (féach an Doiciméad ar Bheartas Oifigeach Sinsearach ([7])).

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin seo, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2085, cuirfidh an Coimisiún Eorpach painéal réamhroghnúcháin ar bun ar a mbeidh ionadaí a cheapfaidh gach cineál comhalta seachas ([8]) Aontas an Chomhghnóthais, agus breathnóir amháin a cheapfaidh an Bord Rialaithe. Déanfaidh an painéal réamhroghnúcháin anailísiú ar na hiarratais go léir, rachaidh sé ar aghaidh leis an gcéad fhíorú incháilitheachta agus sainaithneoidh sé na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí is fearr acu i bhfianaise na gcritéar roghnúcháin a luaitear thuas agus a bhféadfaí cuireadh a thabhairt dóibh agallamh a dhéanamh leis an bpainéal réamhroghnúcháin.

I ndiaidh na n-agallamh sin, tarraingeoidh an painéal réamhroghnúcháin suas a thuairimí agus molfaidh sé liosta iarrthóirí le haghaidh agallaimh eile le Coiste Comhairleach an Choimisiúin Eorpaigh um Cheapacháin (CCA). Cuirfidh CCA na tuairimí ón bpainéal réamhroghnúcháin san áireamh agus é ag cinneadh cé na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

Glacfaidh na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh le CCA dóibh páirt in ionad measúnaithe bainistíochta a mhairfidh lá iomlán a reáchtálfaidh comhairleoirí earcaíochta seachtracha. Agus torthaí an agallaimh agus tuarascáil an ionaid measúnaithe á gcur san áireamh aige, tiomsóidh CCA gearrliosta d'iarrthóirí a mheasann sé a bheadh oiriúnach do bheith ag feidhmiú mar Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais.

Is é/iad Comhalta/Comhaltaí an Choimisiúin atá i gceannas ar an Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil caidreamh leis an gComhghnóthas faoina cúram a chuirfidh na hiarrthóirí atá ar ghearrliosta CCA faoi agallamh ([9]).

I ndiaidh na n-agallamh sin, glacfaidh an Coimisiún Eorpach gearrliosta de na hiarrthóirí is oiriúnaí, agus cuirfear an gearrliosta sin in iúl do Bhord Rialaithe an Chomhghnóthais. Féadfaidh an Bord Rialaithe cinneadh a dhéanamh na hiarrthóirí a chur faoi agallamh sula ndéanfaidh siad an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapadh as na hiarrthóirí ar ghearrliosta an Choimisiúin. Ní hionann duine a bheith ar an bpainéal agus ráthaíocht a bheith aige go gceapfar é.

D'fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí dul faoi agallaimh bhreise agus/nó tástálacha breise a dhéanamh, sa bhreis orthu siúd a luadh thuas. D'fhéadfadh go mbeadh ceanglas orthu freisin ráiteas a chur faoi bhráid choiste/choistí ábhartha Pharlaimint na hEorpa.

**Comhdheiseanna**

Cuireann an Coimisiún Eorpach agus IHI JU beartas comhdheiseanna agus neamh-idirdhealaithe i bhfeidhm de réir Airteagal 1d de na Rialacháin Foirne ([10]). Tá fáilte roimh iarratais a d'fhéadfadh cur leis an éagsúlacht, an comhionannas inscne agus leis an gcothromaíocht gheografach fhoriomlán. Leagtar amach go sonrach i Rialachán (AE) 2021/2085 go ndéanfar prionsabal an chomhionannais inscne a urramú sa phróiseas roghnúcháin agus cuirtear fáilte ar leith roimh iarratais ó mhná.

**Coinníollacha fostaíochta**

Tá na tuarastail agus na coinníollacha fostaíochta leagtha síos i gCoinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile.

Déanfaidh an Comhghnóthas an t-iarrthóir ar éirigh leis a fhostú mar Ghníomhaire Sealadach ag grád AD 14. Rangófar é ag céim 1 nó céim 2 laistigh den ghrád sin, de réir fhad a thaithí oibre roimhe sin.

---

([6]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701

([7]) https://ec.europa.eu/info/sites/info/files/compilation-of-the-senior-official-policy-at-the-european-commission_en.pdf (is i mBéarla amháin atá an doiciméad ar fáil).

([8]) Ciallaíonn "comhaltaí seachas an tAontas" aon stát rannpháirteach, comhalta príobháideach nó eagraíocht idirnáisiúnta eile atá mar chomhalta de chomhghnóthas'.

([9]) Ach amháin i gcás ina dtarmligfidh an Comhalta den Choimisiún lena mbaineann, i gcomhréir le Cinneadh ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2007 (PV(2007) 1811), agus an 30 Meán Fómhair 2020 (PV(2020) 2351) an cúram sin do Chomhalta eile de chuid an Choimisiúin.

([10]) https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140701

Déanfar é a cheapadh le tréimhse oifige thosaigh 4 bliana, agus an fhéidearthacht ann síneadh 3 bliana ar a mhéad a chur léi.

Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear faoi Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile nach mór do gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh 9 mí a chur i gcrích agus go n-éireoidh an tréimhse sin leis.

Is i mBruiséil na Beilge, áit a bhfuil suíomh IHI JU, atá an t-ionad oibre.

Beidh an folúntas ann ón 16 Meán Fómhair 2022 amach.

**Neamhspleáchas agus dearbhú leasanna**

Sula rachaidh an Stiúrthóir Feidhmiúcháin i mbun a chuid dualgas, cuirfear de cheangal air dearbhú a thabhairt go bhfuil sé tiomanta a bheith ag gníomhú go neamhspleách ar mhaithe leis an bpobal agus dearbhú a thabhairt maidir le haon leas atá aige a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas.

**Nós imeachta maidir le hiarratas a dhéanamh**

Sula gcuirfear an t-iarratas isteach, ba cheart don iarrthóir a sheiceáil go cúramach an gcomhlíonann sé gach ceann de na riachtanais incháilitheachta ("Ní mór na cáilíochtaí seo a bheith ag iarrthóirí"), go háirithe iad sin a bhaineann leis na cineálacha dioplóma, an taithí oibre ardleibhéil agus an acmhainn theangeolaíoch atá ag teastáil. Má tá aon cheann de na riachtanais incháilitheachta nach gcomhlíonann iarrthóir, eisiafar é go huathoibríoch ón bpróiseas roghnúcháin.

Más mian leat iarratas a dhéanamh, ní mór duit clárú ar an idirlíon ar an suíomh gréasáin seo thíos agus na treoracha maidir le céimeanna éagsúla an phróisis a leanúint:

https://ec.europa.eu/dgs/human-resources/seniormanagementvacancies/

Ní mór seoladh ríomhphoist bailí a bheith agat. Bainfear úsáid as an seoladh ríomhphoist sin chun do chlárú a dheimhniú agus chun dul i dteagmháil leat ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Dá bhrí sin, coinnigh an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi aon athrú ar do sheoladh ríomhphoist.

Chun iarratas a dhéanamh, ní mór duit CV a uaslódáil i bhformáid PDF, i bhformáid CV Europass ([11]), más féidir é, agus litir inspreagtha a líonadh isteach ar líne (uasmhéid 8 000 carachtar). Is féidir leat an CV agus an litir inspreagtha a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Ar chríochnú do chlárúcháin ar líne duit, gheobhaidh tú ríomhphost a dheimhneoidh gur cláraíodh d'iarratas. **Mura bhfaighidh tú ríomhphost deimhnithe, níor cláraíodh d'iarratas!**

Tabhair do d'aire nach féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn d'iarratais ar líne. Rachaidh an Coimisiún Eorpach i dteagmháil go díreach leat maidir le stádas d'iarratais.

Má tá tuilleadh eolais uait nó má bhíonn fadhbanna teicniúla agat, seol ríomhphost chuig: HR-MANAGEMENT-ONLINE@ec.europa.eu

**Dáta deiridh**

Is é an **28 Feabhra 2022, 12.00 meán lae, am na Bruiséile**, an sprioc-am le clárú. Ní féidir clárú ina dhiaidh sin.

Is fútsa atá sé do chlárúchán ar líne a chríochnú in am. Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí cúpla lá roimh an sprioc-am chun iarratas a dhéanamh, mar go bhféadfadh trácht trom ar an idirlíon nó fadhb a bhaineann leis an nasc idirlín deireadh a chur leis an gclárúchán ar líne sula mbeadh sé críochnaithe agat, rud a chuirfeadh iallach ort an próiseas clárúcháin a thosú athuair. Nuair a bheidh an sprioc-am le hiarratas a chur isteach thart, ní bheidh tú in ann tuilleadh sonraí a chur isteach. Ní ghlactar le clárúcháin dhéanacha.

**Eolas tábhachtach d'iarrthóirí**

Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur faoi rún atá an obair a dhéanann na painéil roghnúcháin éagsúla. Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sé díreach nó indíreach, le comhaltaí na bpainéal sin, agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Ní mór gach fiosrúchán a sheoladh chuig rúnaíocht an phainéil ábhartha.

([11]) Tá eolas le fáil faoi conas CV Europass a chruthú ar líne ag: https://europa.eu/europass/en/create-europass-cv

**Sonraí pearsanta a chosaint**

Áiritheoidh an Coimisiún go bpróiseálfar sonraí pearsanta na n-iarrthóirí de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]). Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

---

([12]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA